Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8530/21**

**POLGEN 63**
**INST 176**
**JUR 260**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle |

1. D'fhonn leanúnachas cinnteoireachta na Comhairle a áirithiú sna himthosca eisceachtúla arb é paindéim COVID-19 is cúis leo, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2020/430[1] lena dtugtar isteach maolú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle maidir le cinntí chun an gnáthnós imeachta i scríbhinn a úsáid, i gcás ina ndéanfaidh Coreper na cinntí sin. Foráiltear leis an gCinneadh go bhfuil sé inathnuaite, más rud é go dtugann na himthosca eisceachtúla leanúnacha bonn cirt dó. Rinneadh an maolú sin, a rabhthas ag súil go mairfeadh sé go dtí an 23 Aibreán 2020 ar dtús, a shíneadh ina dhiaidh sin le seacht gcinn de chinntí ón gComhairle[2] ar feadh tréimhsí teoranta breise. Leis an gcinneadh is déanaí ón gComhairle, cuireadh síneadh leis an maolú go dtí an 21 Bealtaine 2021.

[1] Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88I, 24.3.2020, lch. 1)

[2] Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020, Cinneadh (AE) 2020/702 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2020, Cinneadh (AE) 2020/970 ón gComhairle an 3 Iúil 2020, Cinneadh (AE)°2020/1253 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair, Cinneadh (AE) 2020/1659 ón gComhairle an 6 Samhain 2020, Cinneadh (AE) 2021/26 ón gComhairle an 12 Eanáir 2021 agus Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021.

2. Ós rud é go leantar ar aghaidh leis na himthosca eisceachtúla arb é paindéim COVID-19 is cúis leo, is gá an maolú thuasluaite a shíneadh go ceann tréimhse teoranta breise go dtí an 16 Iúil 2021.

3. An 12 Bealtaine 2021, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go gcomhaontaíonn sé le téacs an chinnidh ón gComhairle lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle an cinneadh, lena síneofar a thuilleadh an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle, a ghlacadh i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas, a leagtar amach in 8487/21.